*Fuair sé litir, oíche.* *He got a letter one night.*

6 *Fear an ghamhna* *the man of the calf* (i.e. *the owner of the calf*). *Gamhna* is the genitive singular form of the masculine noun *gamhain a calf*. Remember that *an* is the form of the article used with the genitive singular masculine.

Further examples:

*Tháinig* { *fear an bhainne* { *chuisse*  
 { *fear an tsíopa*

*fear an bhainne* *the milkman*; *fear an tsíopa* *the shopkeeper*.

7 a *Dúirt sé nach ndíolfadh sé é faoi bhun deich bpunt* *he said that he would not sell him (for) less than ten pounds (under ten pounds).*  
 The conditional form of the verb replaces the future when relating indirectly statements in the future tense made in the past. Compare the following and note the corresponding change from *will* to *would* in English.

*Ní dhíolfaidh mé é* *I will not sell him (it)*, becomes,  
*dúirt sé nach ndíolfadh sé é* *he said that he would not sell him (it)*.

b This kind of related speech is termed indirect speech.  
 Examples of indirect speech with other tenses etc. are:  
*Tháinig fear an ghamhna chuige.* *The owner of the calf came to him.*

*Dúirt sé gur tháinig fear an ghamhna chuige.* *He said that the owner of the calf came to him.*

*Chonaic sé ceann a thaitin leis.* *He saw one that he liked (that appealed to him).*

*Dúirt sé go bhfaca sé ceann a thaitin leis.* *He said that he saw one that he liked.*

*Rachaidh mé ann.* *I will go there.*

*Sílim go rachaidh mé ann.* *I think (that) I will go there.*

*Tiocfaidh mé isteach.* *I will come in.*

*Dúirt sé go dtiocfaidh sé isteach.* *He said that he would come in.*

Further examples are given in other parts of the course. See also supplementary notes to lesson 19.

c The actual words spoken by someone may also be related or repeated directly as spoken. In this case the utterance is assigned to the speaker by the forms *ar*, *arsa* etc.

Examples:

“Tá go maith”, ar seisean “Very well”, said he.  
 “Tá ceann agam”, arsa Seán “I have one”, said Seán.  
 “Cheannaigh mé é”, a deir sé “I bought it”, he says.  
 “Chonaic mé é”, a dúirt Pádraig “I saw it”, said Pádraig.

Note that **ar** and **arsa** are variants of the same word. **Ar** is regularly used with pronouns, **arsa** with nouns, but either may be used in all contexts.

See also note 6, lesson 35.

8 D'imigh Tadhg ansin. *Tadhg went away then.*

Compare the following:

D'imigh Tadhg. *Tadhg went away.*

D'imigh Tadhg abhaile. *Tadhg went (off) home.*

9 Ghabh sé an bóthar abhaile. *He took the road home, i.e. he travelled the road home, he went home.*

10 Bhí sé ródhigeanta. *He was too stubborn.*

Compare:

maith, rómhaith *good, too good/exceedingly good.*

beag, róbheag *small, too small/exceedingly small.*

The word **ceanndána** *stubborn* is more widely used than **dígeanta**.

The word **dígeanta** has been retained here because it is the word traditionally used in this story.

11 Sin agaibh mo scéal . . . a cheap. *There now is my story for you, and if there is a lie in it let there be, for it was not I who composed it or thought it (up).*

This is one of several traditional ways of ending a folkstory.

12 Maith thú, words of praise such as this are commonly used by the audience when a story is being told or when a song is being sung. They are very often given not only at the end but throughout the performance, for example, at the end of a verse in a song.

## Ceacht a Sé Déag (16) Tar éis an chéili

### Lesson sixteen (16) After the céili

#### New words in this lesson

rince (m) dance, dancing	a his
thaitin an rince liom I liked the dancing	ceird (f) trade, skill, art
sásta satisfied	scéalai (m) story-teller
róshásta too satisfied	ar ndóigh of course
leis with	más if it is
scéalaíocht (f) story-telling	saol (m) life, world
ní raibh mé róshásta leis an scéalaíocht	tuaithe genitive form of tuath, country
I wasn't too satisfied with the story-telling	léirigh (9) show, make clear
amhrán (m) song	léirítear is shown
sna in the (plural)	iontu in them
spéis (f) interest	ionadh surprise
chuir mé an-spéis sna hamhráin I was very interested in the songs. <i>lit.</i>	cuimhneach remember
I put much interest in the songs	a chuímhneamh to remember
go móir móir especially	ní mór a chuímhneamh go mbiodh it must be remembered that . . . used be . . .
dúirt (abair) said, sang	scéalta (m) plural of scéal, story
chuig for, at	á being. <i>lit.</i> at their
sean-nós traditional form of singing.	aithris (11) recite
<i>lit.</i> old manner	go mbiodh na scéalta sin á n-aithris that these stories were being recited
raidió radio	Éirinn (f) form of Éire, Ireland used after prepositions
dúil (f) desire, fondness	sula before
cuma indifferent, equal, all the same	baile (m) home, town
is cuma liom it does not matter to me	baile móir town
don for the, to the	tír (f) country
is cuma liom ann nó as don	is ea yes
scéalaíocht I don't care about story-telling, I don't care if the story-telling exists or not. <i>lit.</i> is there or not	iomai many, numerous
di for her	údar (m) author, authority
is fíor di true for her, <i>i.e.</i> she speaks truly	agus is iomai údar móir and many great authors. <i>lit.</i> and many a great author
deireann (abair) says	a who, that
iomarca excess, too much	bunaigh (8) found
ainmhí (m) animal	a bhunaigh who founded
ainmhíthe animals	a his
sean old	saothar (m) work
scéal (m) story	litriocht (f) literature
seanscéalta old stories	litriúchta genitive form of litriocht
páistíúil childish	

Muiris How did you like the céili?

Nóra I liked the dancing, but I wasn't too pleased with the storytelling.

Tadhg I was very interested in the singing—especially the two that Éamann Mac Connara sang.

Caitlin Éamann is very good at the traditional style. He is very often on the radio you know.

Nóra I often heard him on Raidio na Gaeltachta. I am very keen on the traditional style singing but I have no regard for storytelling.

Tadhg That's true for her. She often says to me that there is too much description of the country and animals in the old stories.

Nóra And many of them are childish too.

Muiris Perhaps you are right, but the storyteller has his own peculiar skill, and if it's true that the stories portray country life that's not surprising. We must remember that these stories have been told in Ireland long before large cities or large towns grew up.

Caitlin Yes. And many authors founded their literary work on stories from the folklore.

## Notes

- 1 Chuir mé an-spéis sna hamhráin. *I was very interested in the songs.* (lit. I put much interest in the songs.)
- 2 An dá cheann a dúirt Éamann Mac Connara the two (ones) that Éamann Mac Connara sang. The verb abair say, is commonly used of rendering a song. Thus abair amhrán sing a song is much more frequent than can amhrán, can being the precise word for sing.
- 3 Tá dúil mhór agam sa sean-nós. *I have a great liking for the traditional style.* (lit. in the traditional style).
- 4 As. See supplementary notes to this lesson for personal inflected forms of the preposition as.
- 5 Tá a cheird féin ag an Scéalaí the storyteller has his own trade (i.e. skill).

## New words in this lesson

aiste (f) essay	cluiche (m) game
leabhrán (m) booklet	cluichi games
cumann (m) society	easpag (m) bishop
stair (f) history	protastúnach protestant
staire <i>genitive form of stair</i>	aittireacht (f) architecture
seandálaíocht (f) archaeology	caisleán (m) castle
cumann staire agus seandálaíochta	mainistir (f) monastery, abbey
historical and archaeological society	mainistreacha monasteries, abbeys
eolas (m) learning, skill, knowledge	cóir right, property
a dhéanamh to make, to do	ba chóir go mbeadh an leabhrán go
cúirt(eanna) (f) court(s)	maith the booklet should be good
filíocht (f) poetry	seanstair (f) ancient history
cúirteanna filíochta courts of poetry	ó! oh!
eifeacht (f) effect, influence	ní hea no
tuairisc (f) account, report	beartaigh (8) plan
tabhair give	beartaithe planned
a thabhairt to give	tá beartaithe againn we have planned
ceol (m) music	píosa(i) (m) piece(s), portion(s), bit(s)
caitheamh aimsire pastime	a bheith ann to be in it
scriobhfaidh (1) will write	scribhneoirí (m) writers
aistí (f) essays	linn (f) time, period
daoibh for you (plural)	scribhneoirí na linne seo writers of this
cathaoirleach (m) chairman	(the present) time
féachaint an ndéanadh duine de na	trócaire (f) mercy
Bráithre to see if one (person) of	go ndéana Dia trócaire air may God
the Brothers would (do)	have mercy on him
bráthair (m) brother, monk, kinsman,	leithéid kind, alike, such, such as, the
fellow	same as
Criostáí Christian	a leithéidí eile others like him
na Bráithre Criostáí the Christian	déanta (déan) done
Brothers	

## Translation

Caitlin What are you doing now Muiris?

Muiris I am writing an essay for the booklet that the historical and archaeological society are preparing.

Caitlin And what do you know about that kind of thing?

Muiris I'm to describe the poetic courts and the effect they had.

Other people are to write reports on music and pastimes.

*Caitlin* Who else will write essays for you?

*Muiris* The chairman is to go into the school today to see if one of the Christian Brothers would write an essay on the games, and I heard today too that the Protestant Bishop is going to write another one. He is an authority on the architecture of the castles and monasteries.

*Caitlin* The booklet should be good, but it's a pity that it's ancient history.

*Muiris* Oh no. We plan pieces on modern writers—Máirtín Ó Cadhain, the Lord have mercy on him, and such like.

*Caitlin* Will there be a description in it about . . .

*Muiris* There will be many things in it. Look, come over till you see the piece I have written.

## Notes

**1 a** We have already dealt a little with nouns. (See note on masculine and feminine nouns in introduction). It is now time that we should examine them more closely.

The first thing to remember is that in the singular nouns belong to one or other of two categories; these are termed masculine and feminine nouns.

**b** Feminine nouns are distinguished by requiring i the *an<sup>t</sup>* form of the article in the Nominative Singular and the *na<sup>t</sup>* form of the article in the Genitive Singular, ii by requiring a lenited form of an attributive adjective in the Nominative Singular and iii by, as a general rule, requiring the third singular feminine form of the pronoun as substitute. For example *bróg* belongs to the feminine category, therefore we have:

*an bhróg* *the shoe.*

*bonn na bróige* *the sole of the shoe.*

*bróg mhór* *a big shoe.*

*an bhróg mhór* *the big shoe.*

*Ní fheicim mo bhróg. Cá bhfuil sí? I don't see my shoe. Where is it?*

Further examples:

*Tá an fhuinneog sin briste.* *That window is broken (fuinneog window).*

*Sheas sé i lár na sráide.* *He stood in the centre (middle) of the street. (an tsráid the street).*

*Tá cónai air ar imeall na cathrach.* *He lives on the outskirts of the city. (an chathair the city).*

*Tá cathaoir bhog sa chúinne.* *There is a soft chair in the corner.*

**c** Masculine nouns are distinguished by i requiring the *an<sup>t</sup>* form of the article in the Nominative Singular and the *an<sup>t</sup>* form of the article in the Genitive Singular, ii by requiring a lenited form of an attributive adjective in the Genitive Singular and iii, as a general rule, requiring the third singular masculine form of the pronoun as substitute.

Examples:

*an bord* *the table.*

*cos an bhoird* *the leg of the table.*

*cos an bhoird mhór* *the leg of the big table.*

*(an bord mór* *the big table).*

*féach ar an mbord.* *Nach bhfuil sé deas glan?* *Look at the table.*

*Is it not nice (and) clean?*

Further examples:

*Tá an pictiúr sin briste* *that picture is broken.*

*Sheas sé i lár an chásáin* *he stood in the centre of the path.*

*(Nom. sg. casán).*

*Tá cónai air ar imeall an bhaile* *he lives on the outskirts of the town.*

*Tá fear beag ag an doras* *there is a small man at the door.*

*Tá suíochán bog sa chúinne* *there is a soft seat in the corner.*

**d** It will have been noticed by now that there are various possessive or genitive forms of nouns.

Examples:

Nominative	Genitive
<i>bord</i> <i>table</i>	<i>boird</i>
<i>fear</i> <i>man</i>	<i>fir</i>
<i>seirbhiseach</i> <i>servant</i>	<i>seirbhisigh</i>
<i>bróg</i> <i>shoe</i>	<i>bróige</i>
<i>cathair</i> <i>city</i>	<i>cathrach</i>
<i>bean</i> <i>woman</i>	<i>mná</i>

**e** Some of these formations (e.g. *bord*, *boird*) are associated with the masculine category. Others (e.g. *bróg*, *bróige*) are associated with the feminine category but the form of the genitive is not the principal marker of either category. Examples of the most important formations are presented throughout the course.

**f** We will begin here with the genitive form of words like *leabhrán* *booklet.* The genitive is formed by substituting slender final consonant for the broad final consonant of the noun, thus we have nominative *leabhrán* and genitive *leabhráin.* For the sake of convenience we will call nouns which form the genitive

singular in this way Class A. All nouns in this class are masculine. (Remember that the vowel letter i indicates that the following consonant is slender in quality).

Examples:

Nominative (Subject or Object): **Tá leabhrán léite agam.** *I have read a booklet.* (lit. a booklet has been read by me).

Cheannaigh mé leabhrán inné *I bought a booklet yesterday.*

Genitive: **Is maith liom clúdach an leabhráin** *I like the cover of the booklet.*

**Táim ag léamh leabhráin.** *I am reading a booklet.*

g There are many words in Class A. Some of the more frequent of them are:

Nominative	Genitive
bád	báid
cat	cait
bord	boird
leabhar	leabhair
naomh	naoimh
buidéal	buidéil

h This basic feature of formation may be accompanied by a change in the vowel as well as in the final consonant and this is found in many common words:

Nominative	Genitive
ceann	cinn
fear	fir
peann	pinn

i The nominative plural of nouns of this category may have the same form as the genitive which we have described.

Examples:

leabhráin *booklets*; cinn *heads*; báid *boats*.

Cheannaigh mé leabhráin, inné. *I bought booklets yesterday.*

Tá na leabhráin léite agam. *I have read the booklets.*

Fuair mé buidéil uaidh. *I got bottles from him.*

j When the nominative plural has this formation in words of this category the genitive plural has the same form as the nominative singular.

Examples:

Is maith liom clúdaigh na leabhráin *I like the covers of the booklets.*

Táim ag léamh leabhráin *I am reading booklets.*

Fuair mé bosca buidéal uaidh *I got a box of bottles from him.*

k All nouns of Class A do not form their plurals in this way. Other nouns in the class form their plurals by adding a to the form of

the singular; these nouns also have the same form in the genitive plural and nominative singular.

Singular	Plural
Nom. úll	úlla
Gen. úill	úll

D'ith sé an t-úll. *He ate the apple.*

Chaith sé craiceann an úill sa chiseán. *He threw the peel of the apple in the basket.*

Sin iad na húlla. *Those are the apples.*

Cá bhfuil an crann úll? *Where is the apple(s) tree?*

1 Other nouns in the class form their plurals by adding ta to the form of the singular; these nouns have only one plural form.

Singular	Plural
Nom. ceol	ceolta
Gen. ceoil	ceolta

Tá an ceol an-deas. *The music is very nice.*

Tá sé i seomra an cheoil. *He is in the music-room.*

Is maith liom ceolta na hEorpa. *I like the music(s) of Europe.*

Tá bailiú na gceolta sin fós ar siúl. *The collection of this music (these musics) is still going on.*

2 Ag an gcumann staire. See supplementary notes to this Lesson for a description of words like stair history.

3 Na círteanna filíochta the courts of poetry. See Lesson 18 for further information about these courts.

4 Na Bráithre Criostai the Christian Brothers. The word bráthair brother is used only in the narrow sense of a member of a religious community etc. Compare the special meaning of brethren in English, as opposed to brothers. The word for brother in the kinship sense is deartháir. A similar distinction is made between siúr (sister, i.e. a member of a religious community etc.) and deirfúir sister (in the kinship sense).

The Christian Brothers are the largest teaching organisation in Ireland, they own and operate primary and secondary schools in many areas.

5 Ailtireacht na gCaisleán agus na Mainistreacha the architecture of the castles and monasteries. Again note that the form of the article with the genitive plural is na<sup>n</sup>.

6 Faoi scríbhneoirí about writers. Note that the meanings of prepositions in Irish and English do not always correspond. The basic meaning of faoi might be taken to be under but in the present context must be translated by the English about.

7 The late Máirtín Ó Cadhain, University Professor and man of letters

is considered by many to be the greatest prose writer in modern Irish. A native of Cois Fharraige in the Western Gaeltacht, Ó Cadhain's name is a household word in every Irish-speaking family and in many English-speaking families all over the country.

- 8 Go ndéana Dia trócaire air *may God have mercy on him*. Such prayers for the dead are common and are used almost every time the name of a dead person is mentioned.
- 9 Seo! *here!*, may be used as in the present instance to indicate a desire to change the subject of conversation.

## 8 Ceacht a hOcht Déag (18) Na cúirteanna filíochta

### Lesson eighteen (18)

### The courts of poetry

#### New words in this lesson

bris break  
 bris ar defeat  
 briseadh ar na Gaeil the Irish were defeated  
 Gael (m) Irish man, Celt  
 aois (f) age, century  
 athraigh (8) change, alter, vary, modify  
 tit (2) fall  
 thit na seanscoileanna as a chéile the old schools fell apart  
 ceal want  
 pátrún (m) patron  
 cheal pátrún for want of patrons  
 traidisiún (m) tradition  
 láidir strong

go dtagadh (tar) used come  
 rialta regular  
 go rialta regularly  
 cursa(i) (m) matter(s), affair(s)  
 léann (m) learning (*i.e.* scholarship)  
 plé (6) act of contending, dealing with, contention, discuss  
 chun cursaí léinn a phlé to discuss matters of scholarship  
 a thugtaí (tabhair) orthu they were called  
 cruinnigh (9) gather together, assemble  
 cruinniú (m) gathering, assembly, meeting  
 cruinnithe meetings etc.

amhras (m) doubt  
 idir between  
 ba mhór idir iad agus é there was much (a great difference) between them and it  
 bhiodh (bi) there used be  
 a bhiodh ann roimhe sin that used be (*i.e.* that were) there before then (previously)  
 priomh principal, chief  
 priomhfhile (m) chief/principal poet  
 ceantar (m) area, district  
 ceannas (m) headship  
 i gceannas in charge  
 faoi mar as  
 cnámh (m) bone  
 cnámh spairne bone of contention  
 bocht poor  
 daoine bochta poor people  
 ba ea was/were  
 duine bocht ba ea é he was a poor person  
 daoine bochta ba ea iad they were poor people  
 formhór most, majority  
 file (m) poet  
 formhór d'fhili na gcuirteanna the majority of the poets of the courts

gnáth usual  
 muintir (f) community  
 gnáthmhuintir (f) ordinary people, general public  
 Éireann (f) Ireland *genitive form of Éire*  
 bhídís (bi) they used be  
 cé although  
 sean-nósanna (m) old practices  
 scríbhneoiréacht (f) writing  
 ar lár fallen, laid low  
 thit na sean-nósanna ar lár the old practices were laid low (*i.e.* disappeared)  
 oighre (m) heir  
 oighrí an tseanláinn heirs of the old learning  
 toradh (m) result, fruit  
 dá thoradh sin as a result of that  
 náisiún (m) nation  
 náisiúnta national  
 ba mhinic . . . náisiúnta the poets were often national leaders  
 mair (2) live  
 maireann lives  
 cuimhne (f) memory, remembrance  
 i measc in the midst, among  
 Gaeilgeoir (m) Irish-speaker

#### Translation

When the Irish were defeated in the 17th century the Irish way of life changed completely. The old schools of poetry disintegrated through lack of patronage. The tradition of poetry was very strong however. It's not surprising therefore, that the poets used to come together regularly, especially in the 18th century, to discuss matters pertaining to scholarship and poetry. These meetings were called "Courts of Poetry". Without any doubt, there was a great difference between these courts and the old schools which they replaced. The chief-poet of a particular area used be in charge of the meeting of the court. Just as is the case in Cúil Aodha today, there was a bone of contention to be discussed at every meeting. The majority of the court poets were poor people and they wrote for the ordinary people of Ireland. While the old norms and customs of poetry writing disappeared the poets did not forget that they themselves

were the inheritors of the old learning. Consequently many of the poets were national leaders in their own areas. The memory of many of these poets lives on among Irish-speaking people today.

## Notes

- 1 **Ceacht lesson**, see supplementary notes to this lesson for a discussion of words which form their genitives in the same manner as *ceacht*.
- 2 **Nuair a briseadh ar na Gaeil** when the Irish were defeated. This is a typical use of the impersonal form of the verb. Note also the use of the preposition **ar on**, which distinguishes the meaning of **bris+** direct object and **bris+** indirect object.
- 3 **Compare the following pair of sentences:**  
**Briseadh é** *He was broken.*  
**Briseadh air** *He was defeated.*
- 4 **Briseadh é** *He was broken.*  
**Briseadh air** *He was defeated.*
- 5 **Briseadh é** *He was broken.*  
**Briseadh air** *He was defeated.*
- 6 **Briseadh é** *He was broken.*  
**Briseadh air** *He was defeated.*
- 7 **Briseadh é** *He was broken.*  
**Briseadh air** *He was defeated.*
- 8 **Briseadh é** *He was broken.*  
**Briseadh air** *He was defeated.*
- 9 **Briseadh é** *He was broken.*  
**Briseadh air** *He was defeated.*
- 10 **Briseadh é** *He was broken.*  
**Briseadh air** *He was defeated.*

**D' fhilf** When it is followed by lenited f or a vowel the e of de is elided. It is not usual to write **de fhili**

**Bocht poor.** We have already discussed adjectives. Adjectives like **bocht** in this instance are called attributive adjectives. They follow the nouns which they qualify. The form of attributive adjectives varies according to the number, gender and case of the nouns.

Examples:

**Duine bocht a poor person.**

**Daoine bochta poor people.**

See note on adjectives in introduction, also supplementary notes to this lesson.

- 9 While the 18th century poets were poor in comparison with their predecessors many of them were far from destitute.

- 10 **Maireann cuimhne . . . an lá inniu.** *The memory of many of these poets lives among Irish speakers to this day.*

In the Irish speaking areas many people are familiar with the lives and times of the local poets. It is normal to find people able to recite a remarkable number of complete poems. These poems have been passed down from generation to generation and have not been formally learned in many cases. As well as that, selections of these poems are included in the Irish language courses of schools, so that all Irish speakers know some of them.

## Ceacht a Naoi Déag (19) Cuairteoir Lesson nineteen (19) A visitor

### New words in this lesson

éist (2) listen  
glaoch (m) call  
ag glaoch calling  
amuigh out, outside, without

airigh (9) perceive, hear, notice  
geata (m) gate  
cuma (m) manner, condition  
ar aon chuma anyhow, in any case

breathnaigh (8) examine, look  
 cibé scéal é however  
 geall (m) bet  
 cuirfidh mé geall I'll bet  
 go bhfuil (bí) duine ann that there is a person there  
 ceart (m) right  
 tá an ceart agat you are right. *lit.* you have the right  
 saighdiúir (m) soldier  
 sórt sort, kind, manner  
 éide (m) uniform  
 aithin (11) recognise  
 an tú sin a Dhéaglán? is that you, Déaglán?  
 ina thaobh about it  
 cad ina thaobh? what about? why?  
 faoi deara caused  
 an madra agaibh faoi deara é your dog (was the) cause (of) it  
 tosaigh (8) begin, commence  
 tafann (m) bark  
 ag tafann barking

sábháil (3) save  
 sinn us, we  
 go sábhála Dia sinn (may) God save us  
 cuir (2) put  
 scéal (m) message, piece of news  
 chuir mé scéal chuige I sent him a message  
 bheinn (bí) I would be  
 go mbéinn that I would be  
 sul before  
 sul i bhfad before long  
 anios from below  
 druid anios chun na tine move up to the fire  
 duine (m) person  
 a duhine man, my dear fellow (vocative)  
 Afraic (f) Africa  
 inseoidh (11) will tell  
 mar gheall ar about  
 mar gheall ar an áit about the place *i.e.* in connection with the place

## Translation

Máire Listen. There is somebody calling outside.

Seán I didn't hear anything. The gate is open in any case.

Máire Look out however, I'll bet there is somebody there.

Seán You're right. There's a soldier outside.

Máire What sort of person?

Seán A soldier . . . or somebody that looks like a soldier. Oh hello Déaglán. You're very welcome. I didn't recognise you at the gate.

Saighdiúir Thank you Seán.

Máire Is that you Déaglán? Why were you calling?

Saighdiúir Your dog was the cause of it. He started barking when I came to the gate.

Seán God save us!

Saighdiúir I thought Tadhg would be here. I sent word to him saying I'd be here.

Máire Perhaps he'll be here before long. Here. Come over and move in near the fire.

Seán Do. Move in and tell us about your holiday in Africa.

Saighdiúir It wasn't a holiday at all Seán, but I'll tell you about it if you are interested.

## Notes

- 1 Tá an geata ar oscailt. *The gate is open.* Compare with note 2, lesson 20.
- 2 Níor aithin mé ag an ngeata tú. *I did not recognise (know) you at the gate.* Note the word order of this sentence.
- 3 Cad ina thaobh go raibh tú ag glaoch? *why (for what reason) were you calling.* We have already mentioned indirect speech. (See note 7, lesson 15). In this sentence we have a further example:

Bhí tú ag glaoch. *You were calling.*

Dúirt Máire go raibh tú ag glaoch. *Máire said (that) you were calling.*

Cad ina thaobh	{	go raibh	{	ag glaoch
Shíl mé		{		ag caint
Dúirt Máire				tú

Tá sé ag caint	{	go raibh	{	ag caint	
Shil mé		{		sé	ag ól etc.
Dúirt Máire				tú	ag ól

See supplementary notes to this lesson.

## 20 Ceacht a Fiche (20) Fleá cheoil Lesson twenty (20) Fleá cheoil

### New words in this lesson

fleá (f) feast, festival  
 ceol (m) music  
 fleá cheoil music festival  
 taithí (m) experience

i dtaithí accustomed  
 chuamar i dtaithí na háite we became accustomed to the place  
 uaigneas (m) loneliness

uaigheach	lonely, lonesome
mó	comparative form of mór big
braith	(2) feel
an rud is mó a bhráith tú	uit the thing you missed most, <i>lit.</i> the thing most felt from you
aisteach	strange(ly)
le for	
le fada	for a long time
oirtheor	(m) east
meán-oirtheor	middle east
seirbhís	(f) service
aontaigh	(8) unite, agree
aontaithe	united
na Náisiúin	Aontaithe the United Nations
oilithreacht	(f) pilgrimage
arm	(m) army, weapon
oilithreacht an arm	the army pilgrimage

arú	beyond
arú anuraidh	the year before last
áitiúil	local
an ceann áitiúil	the local one
eatarthu	between them
is beag eatarthu	there is little between them <i>i.e.</i> they are very much alike
milte	thousands
sráid(eanna)	(f) street(s)
lóistín	(m) lodging
béile	(m) meal
béili	meals
go léir	all
gearán	(m) complaint
ag gearán	complaining
ólachán	(m) drinking
an iomarca ólacháin	too much drinking

## Translation

Máire I suppose you had a great time altogether outside (in Africa).

Saighdiúir It was very nice when we got used to the place, but do you know, I was lonesome when I went there first.

Máire I suppose so. What did you miss most?

Saighdiúir Strangely enough, the fleána ceoil. I wasn't at any fleá cheoil for a long time.

Seán I thought you were at last year's fleá.

Saighdiúir I was in the Middle East on service with the United Nations that time and I was on the Army Pilgrimage the year before last.

Máire You have never seen a fleá cheoil then?

Saighdiúir I was at Fleá Cheoil na hÉireann often, but I was never at the local one.

Seán There's little between them. There were thousands on the streets here and there was music and song everywhere.

Máire There were people lodging in every house and there were meals available in all the shops.

Seán There were people complaining of course. They thought there was too much drinking there.

## Notes

- 1 Fleá Cheoil a music festival catering for Irish music. There are a number of these festivals held throughout the country every year. The venue for the national festival changes from year to year. There are usually several hundred entries for the various competitions, but many players perform for the sake of performing, and do not enter into competition. Thousands of people attend the fleána.
- 2 Ar seirbhís on service. Ar indicates state rather than position or what is being done. Note the distinction between this ar and ar<sup>L</sup>, the ordinary preposition on.
 

Examples:

ar: ar seirbhís on service.  
ar buile mad, in a rage, furious.  
ar crochadh hanging.  
ar diol on sale.

ar<sup>L</sup>: ar bhád on (in) a boat.  
ar bhord on a table.  
ar chathaoir on a chair.
- 3 Oilithreacht an Airm the Army pilgrimage (the pilgrimage of the army). Airm is genitive singular of arm. See note 1 (f), lesson 17.
- 4 Fleá Cheoil na hÉireann the Fleá Cheoil of Ireland (i.e. the All-Ireland Fleá Cheoil).  
Éire Ireland has the genitive form Éireann and the form used after prepositions is Éirinn.  
Examples:  
"Éire" is ainm don tir seo. "Éire" is the name of this country.  
Tá sé ina bhalla de rialtas na hÉireann. He is a member of the government of Ireland.  
Ni raibh sé riamh in Éirinn. He was never in Ireland.
- 5 Arú anuraidh the year before last. Anuraidh is a special adverbial term meaning last year.  
Arú is used in the four following phrases:  
arú amárach the day after tomorrow.  
arú inné the day before yesterday.  
arú aréir the night before last (aréir last night).  
arú anuraidh the year before last.
- 6 Eatarthu between them. Personal inflected forms of the preposition idir between occur only in the plural.

Compare the following:

**Nil aon rud idir mise agus an doras.** *There is nothing between me and the door.*

**Shuigh Seán idir tú agus é.** *Seán sat between you and him.*

**Shuigh Seán eadrainn.** *Seán sat between us.*

**Shuigh Seán eadraibh.** *Seán sat between you.*

**Shuigh Seán eatarthu.** *Seán sat between them.*

7 **Ar lóistín** *lodging*, this is a further example of **ar** to indicate state.

See note 2 above.

**bhain siad ceol as** they enjoyed it,  
*lit.* they took enjoyment from it  
**ard** high  
**meas** (*m*) regard, respect, esteem  
**ardmheas** (*m*) high regard  
**creid** (2) believe  
**creidim** I believe  
**dada** jot, tittle (*used with negative*)  
**ni dhearna sé dada** he didn't do a jot  
**feictear** it's seen  
**ni fheictear dom** I don't see, it's not  
 obvious to me  
**réidh** ready, finished  
**réidh leis go ceann tamaill** finished  
 with it for a while

**ar aon chuma** in any case  
**filleadh** (to) return  
**beidh air filleadh** he will have to  
 return  
**scata** (*m*) drove, multitude, crowd,  
 group  
**scata eile** another group  
**ag dul amach** going out  
**chuclu** to them  
**seo** this  
**an mhi seo** this month, the present  
 month  
**an mhí seo chugainn** next month,  
*lit.* the present month to us

## Translation

**Seán** Déaglán was here a while ago Tadhg.

He wanted to see you.

**Tadhg** Did you tell him I was expected before eight?

**Máire** I did. I was trying to keep him, but he left about seven o'clock.

He said he had to work.

**Seán** I thought he had holidays since he came home.

**Tadhg** He is merely helping his father on the farm.

**Máire** He is a nice boy.

**Seán** And I'd say that life was hard enough on him, when he was out in Africa.

**Tadhg** I think things were not too bad out there. They enjoyed it, and the people there had great respect for the United Nations people.

**Seán** I believe they did good work there too.

**Máire** Some people say they never did anything.

**Tadhg** That's said but as I see it, it's not true. In any case Déaglán is finished with it for some time to come.

**Máire** Will he not have to return to Africa again?

**Seán** No. There's another group going out to them next month. The story was in the newspaper today.

## Notes

- 1 **Dúirt sé go raibh air obair a dhéanamh.** *He said he had to (do) work, was compelled to (do) work.*  
 Contrast this sentence with

## 21 Ceacht a Fiche hAon (21) An cuairteoir

### Lesson twenty one (21) The visitor

#### New words in this lesson

**aonú** one, first  
**an t-aonú ceacht** is fiche the twenty  
 first lesson  
**uaidh** from him  
**theastaigh uaidh** he wanted  
**a fheiceáil** to see  
**súil** (*f*) hope, expectation  
**go raibh súil anseo liom** that I was  
 expected here, *lit.* that there was  
 an expectation of me here  
**ag iarraidh** trying, seeking, asking  
**coinnigh** (9) keep, retain  
**a choinneáil** to keep, to retain  
**timeall** around, about  
**clog** clock  
**a seacht a chlog** seven o'clock  
**dúirt sé go raibh air** he said that it  
 was (incumbent) on him  
**obair** (*f*) work

**cabhraigh** (8) help  
**cabhraigh leis** help him  
**ag cabhrú** helping  
**nil sé ach ag cabhrú** he is but helping  
**athair** (*m*) father  
**feirm** (*f*) farm  
**buachaill** (*m*) boy  
**dian** hard  
**bhí an saol dian go leor air** life was  
 hard enough on him  
**déarfainn** (abair) I would say  
**agus** and, when  
**nach** not  
**táim ag ceapadh nach raibh cursáil**  
 ró-olc I'm thinking things were not  
 too bad  
**bain** (2) pluck, dig, cut, take away  
**ceol** (*m*) enjoyment

Dúirt sé go raibh obair aige le déanamh. *He said (that) he had work to do (to be done), had work which needed to be done.*

2 Bhí an saol dian air. *Life/the world was hard on him.* Saol means world in the abstract, i.e. life, existence etc.; a different word domhan is used of the physical world.

Tá cathracha ar fud an domhain. *There are cities throughout the world.*

Chonaic sé an saol go léir. *He saw the whole world (i.e. life throughout the world).*

Beatha is the word for life in the sense of being alive.

Tá sé ina bheatha. *He is alive.*

3 Dian hard, severe. This word cannot be used for hard in the concrete sense:

Tá sé ag obair go dian. *He is working hard.*

Bhí sé dian air bheith ann. *It was hard on him (for him) to be there.*

But:

Tá an bord crua. *The table is hard.*

Páipéar crua is ea é. *It is hard paper.*

Deacair is the word for hard in the sense of difficult.

4 Agus é amuigh while he was out. Note this use of agus and, lit. and he outside.

5 Táim ag ceapadh . . . I am thinking . . . Note the use of indirect speech in this sentence.

6 Obair mhaithe good work. Note: The lenited form is used after the feminine noun obair. See note 1, Lesson 17.

7 Dada a small amount. Ní ndearna sé dada. *He did not do much, he did nothing.*

Ní dhearna sé dada riamh. *He did not do much ever, he never did much (anything).*

Dada is generally used only in this way, i.e. in negative statements or in virtual negatives, e.g. where a negative reply is expected:

An ndearna sé dada riamh? *Did he ever do anything?*

Nil dada agam. *I have nothing.*

Ní fhaca mé dada. *I saw nothing.*

## Ceacht a Fiche Dó (22) Slán

### Lesson twenty two (22) Good-bye

#### New words in this lesson

cuireadh (m) invitation

teacht (tar) to come

dinnéir genitive form of dinnéar, dinner

álainn beautiful, lovely, splendid

daoibhse to you, for you (emphatic form of daoibh)

i gcónai always

Geimhreadh (m) Winter

dona miserable, unfortunate, wretched

bionn an Geimhreadh go dona the winter is wretched

fada long

an fada how long

ag meabhrú reminding

tagann (tar) comes

leo with them, to them

nach trua go dtagann deireadh leo? is it not a pity they come to an end? lit. that comes an end to them

ba mhór linn we would appreciate, lit. it would be much with us

beirt two people

agaibh of you (plural)

istoicé by night

istoicé amárach tomorrow night

déansfaidh (déan) will do

páiste (m) child

páistí children

tabharfaidh (tabhair) will give, will bring

aire (f) care, attention

ba bhéará linn sibh ar aon a bheith linn it would be fine/wonderful to have both of you with us, lit. you both to be with us

baol (m) danger

orthu on them

ní bheidh aon bhaol orthu they won't be in any danger

téann (téigh) goes

ma théann tusa if you go

guthán (m) telephone

glaoch gutháin telephone call

cuirfidh mé an bord in áiríthe I'll engage/book a table

mura if . . . not

dhéanfaínn I would (do)

mura ndéanfaínn if I would (did) not

#### Translation

Tráchtair Tadhg and Nóra are on their holidays. It's not long until they will be going home. Tadhg is giving an invitation to dinner in Óstán na Carraige to Muiris and Caitlin.

Tadhg Isn't it a wonderful day? It's nice for you who are always here.

Muiris The weather isn't always as fine as this.

The winter is very bad.

How much time have you left now?

Tadhg Two days. Oh! Here comes Caitlin.

I was just reminding Muiris, Caitlin, that our holidays would be over the day after tomorrow.

*Caitlin* They will indeed. Isn't it a pity that they end?

*Tadhg* It is. We would appreciate it if the two of you would come to dinner with us in Óstán na Carraige tomorrow night.

*Caitlin* What will the children do?

*Muiris* I'll look after the children.

*Tadhg* We would be delighted to have both of you. Don't mind the children. There will be no fear of them.

*Caitlin* I'll go there if you go there.

*Tadhg* I'll ring the hotel now and book a table.

*Muiris* Is that necessary?

*Tadhg* If I didn't maybe there would be no one available tomorrow.

## Notes

1 **Daoibhse for you.** This is a further example of -se to express contrastive emphasis. See supplementary notes to this lesson.

2 **Dhá lá** *two days.* See supplementary notes to this lesson.

3 **Tá Caitlín chugainn.** *Caitlin is approaching (to) us.*

Note the use of the inflected preposition to express motion towards.

4 **Ba mhór linn** *we would like very much, (it would be much with us).*

5 **An bheirt agaibh** *the two of you.* With the exception of **aon déag** *eleven*, Irish has special terms for counting people up to twelve in number. These are **duine** *one person*; **beirt** *two people*; **triúr** *three people*; **ceathrar** *four people*; **cúigear** *five people*; **seisear** *six people*; **seachtar** *seven people*; **ochtár** *eight people*; **naonúr** *nine people*; **deichniúr** *ten people*; **aon duine dhéag** *eleven people*; **dáréag** *twelve people*. For more than twelve people the general system described already is used. The form **dhá dhuine dhéag** may also be used for *twelve people*.

Examples:

*Chuaigh beirt shear isteach sa siopa.* *The two men went into the shop.*

*Chonaic mé an triúr banaltra.* *I saw the three nurses.*

*Bhí beirt ann romham.* *There were two (people) there before me.*

*Cé mhéad saighdiúir a tháinig?* *Cúigear.* *How many soldiers came?*

*Five.*

*Níor labhair liom ach duine amháin acu.* *Only one of them spoke to me.*

*Sé dhuine dhéag a bhí ann ar fad.* *There were sixteen people there altogether.*

6 **Ba bhreá linn** *we would like very much (lit. it would be fine with us).* This expression is similar to **Ba mhór linn**—See note No. 4 above.

7 **mura ndéanfaínn sin** *Were I not to do that.*

Irish has two forms for the introduction of conditional clauses.

a **má<sup>L</sup>** *if* is used with the past, present and sometimes future tenses when the condition is likely or concedeable.

Examples:

*Ní fhaca mise é má bhí sé ann.* *I didn't see him if he was there.*

*Tabharfaidh mé ceann duit má tá sé agam.* *I will give you one if I have it.*

*Rachaidh mise ann má théann tusa ann.* *I'll go there if you go there.*

*Labhróidh mise leis má thagann sé.* *I'll speak to him if he comes.*

b **dá<sup>N</sup>** *if*, is used when the condition is more remote, or not expected.

Examples:

*Cheannóinn é dá mbeadh an t-airgead agam.* *I would buy it if I had the money.*

*Dá mbeadh ciall aige rachadh sé abhaile.* *If he had sense he would go home.*

c In the negative this distinction is not maintained and all negative conditional clauses are introduced by **mura<sup>N</sup>** (or **murar<sup>L</sup>** with the past tense).

See previous note on forms of preverbs with past tense.

Examples:

*Scriobhfaidh sé inniu murar scriobh sé inné.* *He'll write today if he didn't write yesterday.*

*Mura mbeadh Seán anseo ní thiocfainn.* *If Seán wasn't here I wouldn't come.*

*Céard a dhéanfá mura mbeadh gluaisteán agat?* *What would you do if you had not a motorcar?*

Make sure you discern the pattern in these.

Note which forms lenite a following verb.

Note which forms eclipse a following verb.

Note which tenses or moods follow each of them.

### 3 Ceacht a Fiche Tri (23) San óstán

### Lesson twenty three (23) In the hotel

#### New words in this lesson

bia (*m*) food, meal  
 clár (*m*) programme  
 biachláir (*m*) menu  
 maith good  
 ar mhaith leat? would you like?  
 braoinín (*m*) wee drop  
 seiris (*f*) sherry  
 braoinín seirise a wee drop of sherry  
 fion wine  
 braon fiona drop of wine  
 domsa for me (*emphatic form of dom*)  
 sú (*m*) juice  
 oráiste (*m*) orange  
 sú oráiste orange juice  
 déanfaidh sú oráiste mo ghnó go  
     breá orange juice will do me  
     nicely, *lit.* will do my business  
 ólaim (1a) I drink  
 ní ólaimse I don't drink  
 gloine (*f*) glass  
 beoir (*f*) beer  
 gloine beorach glass of beer  
 chugaibh to you (*plural*)  
 deoch(anna) (*f*) drink(s)  
 ordú (*m*) order  
 a ordú to order  
 freastail (12a) attend, wait  
 freastaláí (*m*) waiter  
 freastal (*m*) waiting, service  
 sláinte (*f*) health  
 sláinte mhaith chugaibh good health  
     to you, I drink your health

#### Translation

Freastaláí Here is the menu, sir. Would you like a drink first?  
 Tadhg We would. What will you have, Nóra?  
 Nóra I'll have a drop of sherry, thanks.  
 Muiris A drop of wine for me, please.

go mbeirimid beo ar an am seo arís  
     see explanatory notes  
 beo alive, living  
 léifidh (6) will read  
 rogha (*f*) choice  
 anraith (*m*) soup  
 tiubh thick  
 tanáí thin  
 turcaí (*m*) turkey  
 rósta roasted  
 turcaí rósta roast turkey  
 liamhás (*m*) ham  
 Luimneach (*m*) Limerick  
 liamhás Luimnigh Limerick ham  
 mairteoil (*f*) beef  
 cos (*f*) leg, foot, stem  
 caoireoil (*f*) mutton  
 cos caoireola leg of mutton  
 anlann (*f*) sauce  
 muiceoil (*f*) pork  
 práta(i) (*m*) potato(es)  
 brúitín (*m*) mashed potatoes  
 pónaire (*f*) bean  
 pónairí beans  
 cabáiste (*m*) cabbage  
 traidhfil (*f*) trifle  
 uachtar (*m*) cream  
 reoite frozen  
 uachtar reoite ice cream  
 úr fresh  
 tortháí úra fresh fruit  
 caifé (*m*) coffee

Caitlin Orange juice will do me nicely. I don't drink at all.

Tadhg And a glass of beer for me.

Freastaláí Thank you, sir.

I'll bring the drinks immediately and you can order the meal then.

Tadhg There are a lot of people here tonight are there not?

Nóra There are. The place is full to the door. Here comes the waiter already with the drinks. The service is very good here.

Tadhg Here's health to you!

Muiris Many happy returns!

Tadhg I'll read the menu and see what choice is available.

#### MENU

Thick Soup

Clear Soup

\*\*\*

Roast Turkey and Limerick Ham

\*\*\*

Roast Beef

\*\*\*

Leg of Mutton and Sauce

\*\*\*

Roast Pork and Apple Sauce

\*\*\*

Roast or Mashed Potatoes

\*\*\*

Beans or Cabbage

\*\*\*

Trifle

Ice-cream

\*\*\*

Fresh Fruit

\*\*\*

Tea

Coffee

\*\*\*

Freastaláí What would you like to eat please?

### 3 Notes

- 1 **Biachláir menu.** This is a compound word formed from *bia* and *clár*. It illustrates our earlier note on such words—there is no hyphen and the *c* of *clár* is lenited.
- 2 **Braoinín a little drop.** This is a further example of the use of the diminutive suffix *-ín*.
- 3 **Braoinín seirise a little drop of sherry, i.e. a glass of sherry.**
- 4 **Fíon wine.** **Braon fiona** a drop of wine. Note the genitive form of the noun *fíon*.
- 5 **Gloine beorach a glass of beer.** Note the genitive form of *beoir beer*. See supplementary notes to this lesson.
- 6 **Láithreach baill immediately.** This phrase implies a greater immediacy than if the word *láithreach* were used alone.
- 7 **Sláinte mhaith chugaibh good health to you.** A popular toast. The singular form is *sláinte mhaith chugat*.
- 8 **Go mbeirimid beo ar an am seo aris.** *May we be alive when this time comes around again*, lit. *May we catch/overtake alive this time again*. This toast is often used on special occasions—Christmas, anniversaries and such like.
- 9 **Féachaint cén rogha to see what choice.** *Féachaint* is formed from the verb *féach see*. See supplementary notes 2—4 to this lesson.

### Ceacht a Fiche Ceathair (24) Lóistín Lesson twenty four (24) Lodgings

24

#### New words in this lesson

sli (f) room (i.e. space)	táilli fees
fág (1) leave	dá réir accordingly
fágtha left	chugat to you
thiar west, behind	ag fiosrú enquiring
tá socrú déanta aige he has an arrangement made	iníon (f) daughter
coláiste (m) college	oiread (m) amount, as much, as many as
deireadh end, last	ach an oiread either. <i>lit.</i> but as much
an lá faoi dheireadh the other day	droichead (m) bridge
costasach dear, "pricey"	teach an droichid the bridge house
róchostasach too dear	buail go
seomra folchta bath-room	buail soir go east
priomháideach private	abair say, tell
leaba (f) bed	abair . . . gur mise a chuir chuici tú say . . . that it was <i>I</i> who sent you to her
seomra leapa bedroom	
táille (f) fee, charge	

#### Translation

*Fear* I am looking for lodgings, Madam.

*Caitlin* I'm afraid I have no room left. There are a lot of visitors around. Perhaps Liam Ó Néill would have a place.

*Fear* I stayed west with Liam last year, but he has made arrangements to keep boys from the Irish College this year.

*Caitlin* Do you know the hotel on the road to Sean-Talamh? I'll bet now that there will be room there.

*Fear* I was in there the other day. It's a nice place, but it's too dear. There's a private bath-room with every bed-room—and they charge accordingly.

*Caitlin* Wait a minute. I'll bring down my sister to you. *Peig*!

*Peig* Yes. What do you want?

*Caitlin* There's someone here making enquiries about accommodation. He was to stay with Liam Ó Néill but Liam has no bed left.

*Peig* Has he not? And I suppose his daughter has no room either. I wonder would there be room in Teach an Droichid?

*Caitlin* Perhaps there would be. Go there and tell the lady of the house that you were here, and that I sent you to her.

1 Is eagal liom nach bhfuil slí ar bith fágha agam. *I fear that I have no room at all left.* The word slí in this sentence means way or space. It is not interchangeable with the word **seomra** a room.

Examples:

Tá slí do thriúr sa ghluaiseán. *There is room for three in the car.*  
Tá trí sheomra leapa sa teach. *There are three bed-rooms in the house.*

2 Bhí mé thiar. *I was in the west.* This is an example of the use of the adverb thiar, to indicate position. See supplementary note 1 to lesson 12.

3 An lá faoi dheireadh *the other day.* We have already dealt with the principal classes of nouns. Some nouns have unique inflexions. One such noun is **lá** a day.

Its forms are:

Singular	Plural
Nom. lá	laethanta
Gen. lae	laethanta

Tá an lá go breá. *The day is fine.*

Tháinig sé i lár an lae. *He came in the middle of the day.*

Tá na laethanta ag dul i bhfuaire. *The days are getting (going) colder (in coldness).*

A full list of nouns which have unique inflexions is given in the supplementary notes to Lesson 22.

4 Is deas an áit é. *It's a nice place.* Áit place and uair time are feminine nouns but masculine pronouns are substituted for them.

See note 1, Lesson 17.

Examples:

Is deas an áit é. *It's a nice place.*

Sin é an áit os do chomhair. *That's the place in front of you.*

Sin é an uair a tháinig sé. *That's the time (when) he came.*

5 Tá sé róchostasach. *It's too dear.* The intensive prefix **ró**<sup>L</sup> follows the general rule in regard to compound words. See note 6, Lesson 18.

Examples:

bog soft.                   róbhog too soft.

beag small.               róbheag too small.

mór big.                   rómhór too big.

fada long.               rófhada too long.

gairid short.              róghairid too short.

bán white.               róbhán too white.

dubh black.               ródhubb too black.

6 Seomra folchta *bath-room.* The attributive, folchta, is the genitive form of **folcadh** bathing. The following forms illustrate a similar construction:

leaba bed; **seomra leapa** a bed-room.

suí sit; **seomra suite** a sitting-room.

cuinniú meeting; **seomra cuinnithe** a meeting room.

bord board; **seomra an bhoird** the board room.

staidéar study; **seomra staidéir** a study (room).

bia food; **seomra bia** a dining-room.

7 Buail soir go east. This is an example of the use of the adverb soir, to indicate direction.

See supplementary note 1, Lesson 12.

## 25 Ceacht a Fiche Cúig (25) Tar isteach ón mbáisteach

### Lesson twenty five (25)

Come in from the rain

### New words in this lesson

báigh (5) drown  
báfar . . . tú you will be drowned/  
drenched

báisteach (f) rain

cabhraigh (8) help

go geabhrófa that you would help  
thoir east

mór le great with, friendly with  
an bhfuil tú mór leis i gceónaí? are  
you still friendly with him?  
lit. always friendly with him

caite spent, last

an mhí seo caite last month

thart by  
ag gabháil thart going by  
anois féin even now, just now  
oiriúnach suitable

